2013. S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

**OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL**

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 3.30

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)

3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | | |
| **Bónasmharc as freagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

## ROINN 1

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1.** Is é atá thíos ná grianghraif de cheithre cheannaire polaitíochta. Tugtar duit an teideal atá acu i láthair na huaire. Meaitseáil ainm gach ceannaire ón liosta a leanas lena ghrianghraf agus lena theideal.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna a thugtar.

**Ceannairí:** José Manuel Barroso, Ban Ki-Moon, Micheál D. Ó hUiginn, Barack Obama



Ainm: ______________________________

Uachtarán na hÉireann



Ainm: ______________________________

Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá



Ainm: ______________________________

Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe



Ainm: ______________________________

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

(8 marc)

**2.** Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) Is é a thugtar ar TD nach mbaineann le páirtí ar bith ná TD N _______________.

(b) Suíonn an Dáil i dT _______________ L _______________ .

(c) I mí na Nollag gach bliain cuireann an tAire Airgeadais an C _______________ i láthair ina leagann sé amach conas a bhaileoidh agus a chaithfidh an Rialtas airgead an bhliain dar gcionn.

(d) Is é 2013 Bliain Eorpach na S _______________.



(e) Is é a thugtar ar an duine a fhógraíonn torthaí toghcháin ná an C _______________ C _______________.

(f) Is é an tA _____ -A _______________ comhairleoir dlí an Rialtais agus príomhoifigeach dlí an Stáit.

(g) Ó 1 Eanáir go dtí 30 Meitheamh 2013, is í an tír a bheidh i gceann na hUachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ná É _______________.

(7 marc)

**3.** Meaitseáil an tsiombail chomhshaoil thíos leis an sainmhíniú ceart. Bain úsáid as an ngreille ar dheis chun do fhreagraí a chur in iúl. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

| **SIOMBAIL** | **SAINMHÍNIÚ** |
|---|---|
| **1.**   | **A** Ciallaíonn an tsiombail seo nach féidir trealamh leictreonach nach bhfuil ag teastáil feasta, m.s. teilifíseáin, cadhnraí, fóin agus bolgáin sholais, a chur i láithreán líonadh talún le bruscar an tí. |
| **2.**   | **B** Is í seo an tsiombail fuinnimh Eorpach a léiríonn éifeachtúlacht fuinnimh earraí leictreacha, m.s. cuisneoirí, reoiteoirí, meaisíní níocháin. Déantar na hearraí a rátáil ó ‘A’ go ‘G.’ |
| **3.**   | **C** Ciallaíonn an tsiombail seo go bhfuil an fuinneamh a úsáideann fearas mar ríomhaire nó phrintéir níos ísle ná leibhéal comhaontaithe nuair a bhíonn sé i mód fuireachais. |
| **4.**  | **D** Dearbhaíonn an tsiombail seo go dtagann na hearraí ó fhoinsí freagracha a thacaíonn le caomhnú foraoisí agus fiadhúlra. |

| | |
|---|---|
| **1** | **B** |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |

(3 mharc)

| ROINN 2 |
|---|
| **Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.** |
| **Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.** |

**1. NA CLUICHÍ PARAILIMPEACHA**

**Scrúdaigh Na Cluichí Parailimpeacha – *Leathanach Gréasáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 1*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé mhéad spórt atá sna Cluichí Parailimpeacha?

________________________________________

Cén chathair ina raibh na Cluichí Parailimpeacha ar siúl in 2012?

________________________________________

Cad é sluán na gCluichí Parailimpeacha?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Cén rud a chinntítear leis an rangú sna Cluichí Parailimpeacha?

________________________________________

(1 mharc)

(c) Ainmnigh **DHÁ** cheann de na tosca is bonn leis an gcaoi a n-éiríonn go maith le lúthchleasaithe atá faoi mhíchumas agus le lúthchleasaithe nach bhfuil faoi mhíchumas sa spórt:

An chéad toisc: ________________________________

An dara toisc: ________________________________

(3 mharc)

(d) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** thaca a d'fhéadfadh an rialtas a chur ar fáil dar leat chun go bhféadfadh daoine faoi mhíchumas a saol a chaitheamh le dínit?

Ainm an chéad taca: ______________________________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

Ainm an dara taca: ______________________________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(e) Scríobh an criticeoir teilifíse A.A. Gill '*Is í an churiarracht is tromchúisí* (is mó) *a briseadh ag na Cluichí Parailimpeacha ná an t-am idir an uair a thugtar míchumas faoi deara agus an uair a dhéantar dearmad air.*'

Cad atá i gceist ag A.A. Gill leis an ráiteas seo?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

## 2. NÁ LIG DO DO PHÁISTE DEIS A CHAILLEADH

**Scrúdaigh Ná lig do do pháiste deis a chailleadh – *Bileog do Thuismitheoirí le haghaidh Roinn 2, Ceist 2*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar mBileog do Thuismitheoirí, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad dó a sheasann na litreacha NEWB?

________________________________________

Cén réimse aoiseanna atá ag na páistí a bhfuil tagairt dóibh sa bhileog eolais seo?

________________________________________

Cén ról speisialta atá ag tuismitheoirí maidir le hoideachas a chur ar a gclann, de réir na bileoige seo?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Cén fáth ar bunaíodh an NEWB?

________________________________________

Cén dlí a éilíonn go gcuirfí oideachas ar pháistí?

________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén teachtaireacht a thugann an **ÍOMHÁ** ar an mbileog seo do thuismitheoirí?

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

(d) Ainmnigh **TRÍ** cheart eile atá ag páistí seachas an ceart chun oideachais.

An chéad cheart: ______________________________________________

An dara ceart: ______________________________________________

An tríú ceart: ______________________________________________

(3 mharc)

(e) Tá 72 milliún páiste fós sa domhan nach bhfaigheann deis dul ar scoil. Tá formhór na bpáistí seo i dtíortha i mbéal forbartha. Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh do scoilse a dhéanamh chun daoine a chur ar an eolas mar gheall ar an bhfadhb seo.

An chéad ghníomh: ______________________________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

An dara gníomh: ______________________________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

**3. FÁILTE MHÓR ROIMH DHROICHEAD TRASTEORANN**

**Scrúdaigh Fáilte Mhór roimh Dhroichead Trasteorann –** ***Alt Nuachtáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3*****, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an Alt Nuachtáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén dá chontae a nascfar le chéile leis an droichead seo?

______________________________________________________________

Cén costas iomlán a bheidh ar an droichead?

______________________________________________________________

Cé tá ag maoiniú an droichid nua seo?

______________________________________________________________

(3 mharc)

(b) Cathain a bhfuil súil leis go dtosófar ag tógáil an droichid seo?

______________________________________________________________

Cén dearcadh a bhí ag Bainisteoir Chomhairle Chontae Lú ar an tionscadal?

______________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén buntáiste a bhaineann leis gur droichead oscailteach atá ann?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Cén rud a bhfuil súil ag daoine a tharlóidh sa réigiún trasteorann Cuaille / Beanna Boirche / Sliabh gCuillinn nuair a bheidh an droichead tógtha?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(2 mharc)

(d) Is é atá san fhorbairt ná próiseas feabhais (sóisialta; eacnamaíoch; cultúrtha; polaitiúil) chun riachtanais i saol daoine a chomhlíonadh ag gach leibhéal. Is gnách go ndéantar an fhorbairt a phleanáil.

Conas is féidir le daoine i ndaonlathas páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála seo?

(3 mharc)

(e) Tá tacaíocht tugtha ag an Aontas Eorpach (AE) do mhórán tionscadal tógála in Éirinn. Seachas na tionscadail tógála seo, dean cur síos ar **DHÁ** bhuntáiste eile a bhaineann saoránaigh an AE as ballraíocht san Aontas Eorpach.

An Chéad Bhuntáiste:

An Dara Buntáiste:

(4 mharc)

4. **SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN**

**Scrúdaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann –** ***Bileog Eolais do Roinn 2, Ceist 4*****,**
**atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mBileog Eolais seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé mhéad institiúid atá i gCóras Príosúin na hÉireann?

________________________________________

Cén aois iad na ciontóirí a ndéileálann Seirbhís Phríosúin na hÉireann leo?

Fir: ____________________ Mná: ____________________

De réir an tábla, cén céatadán (%) de na príosúnaigh a bhí faoi choimeád agus faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2011 a bhí idir 18 agus 21?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Cé air a bhfuil freagracht pholaitiúil as an gCóras Príosúin in Éirinn?

________________________________________

Cén teideal atá ar cheannaire Sheirbhís Phríosúin na hÉireann?

________________________________________

(2 mharc)

(c) Seachas Seirbhís Phríosúin na hÉireann, ainmnigh **DHÁ** rannóg eile i gCóras Ceartais Choiriúil na hÉireann.

An chéad rannóg: ________________________________

An dara rannóg: ________________________________

(2 mharc)

(d) Tabhair **DHÁ** chúis ar fearr córas ceartais ina ndéantar iarracht ar phríosúnaigh a athshlánú, mar a tharlaíonn anseo in Éirinn, ná córas ceartais ina gcuirtear príosúnaigh chun báis, ina ndéantar príosúnaigh a chéasadh agus ina gcuirtear pionós corpartha ar phríosúnaigh.

An chéad chúis: ______________________________________________

______________________________________________

An dara cúis: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(e) Tá córas ceartais in Éirinn ina nglactar leis go mbíonn duine **neamhchiontach go dtí go bhfaightear ciontach** é; i dtíortha eile, glactar leis go mbíonn duine **ciontach go dtí go bhfaightear neamhchiontach** é.
Cé acu córas ceartais is fearr dar leat? Mínigh do rogha.

Is dóigh liom gurb é an córas is fearr ná______________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

**ROINN 3**
**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é, le do thoil.**

## 1. Tóstal Éireann

Is é atá i dTóstal Éireann 2013 ná ceiliúradh bliana ar phobail na hÉireann. Tugann sé deis do dhaoine teagmháil a dhéanamh leo siúd atá tar éis Éire a fhágáil – gaolta agus cairde – agus cuireadh abhaile a thabhairt dóibh. Tá an-suim ag do phobal áitiúil ann seo.

(a) Dear an cuireadh a d'fhéadfaí a chur go dtí daoine atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn á gcur ar an eolas mar gheall ar an Tóstal agus ag tabhairt cuireadh dóibh filleadh ar Éirinn in 2013.

(Tá leathanach bán don chuireadh le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.)

(6 mharc)

(b) Teastaíonn ó do rang OSSP agallamh a chur ar dhuine ón bpobal áitiúil a tháinig abhaile don Tóstal. Ainmnigh agus mínigh **CEITHRE** chéim a thógfá mar ullmhúchán don agallamh seo agus chun an t-agallamh féin a dhéanamh. (8 marc)

(c) Scríobh paragraf ar na buntáistí a bhainfidh Éire as ócáid mar an Tóstal a bheith ar siúl. Luaigh **TRÍ** bhuntáiste i do fhreagra. (6 mharc)

## 2. ECO-UNESCO

Is é ECO-UNESCO Eagraíocht Oideachais Timpeallachta agus Óige na hÉireann. Is iad na haidhmeanna atá ag ECO-UNESCO ná daoine óga a chur ar an eolas faoi chúrsaí timpeallachta agus tuiscint ar an timpeallacht a chothú ina measc, agus an timpeallacht a chur chun tosaigh, a chosaint agus a chaomhnú. Ba mhaith leat féin agus le roinnt cairde leat páirt a ghlacadh san eagraíocht agus club a bhunú i do scoil.

(a) Ainmnigh agus mínigh **SÉ** chéim a thógfá chun club ECO-UNESCO a bhunú i do scoil.
(6 mharc)

(b) Scríobh paragraf ar ghníomhaíocht **AMHÁIN** a d'fhéadfadh an club nua a dhéanamh i do scoil chun an timpeallacht a chosaint. Déan cinnte de go luann tú an chúis a bheadh leis an ngníomhaíocht áirithe seo. (8 marc)

(c) Scríobh síos an fógra a thabharfá ar ghléas idirchumarsáide na scoile (nó ag an Tionól) ag insint do dhaoine mar gheall ar an gclub agus á spreagadh le freastal ar an gcéad chruinniú. (6 mharc)

## 3. An Coimisiún Reifrinn

Is é an cúram atá ar an gCoimisiún Reifrinn ná an dá thaobh d'aon athrú a bheadh sé i gceist a dhéanamh ar an mBunreacht a chur faoi bhráid mhuintir na hÉireann chun go bhféadfaidís cinneadh eolasach a dhéanamh agus iad ag vótáil.

Moladh go dtosódh do scoil níos luaithe ar maidin agus go gcríochnódh sí níos luaithe tráthnóna. Beidh na daltaí, an fhoireann agus na tuismitheoirí ag vótáil maidir leis seo go luath.

Cheap an Príomhoide do rangsa mar Choimisiún Reifrinn. Is é an cúram atá oraibh ná na vótálaithe a chur ar an eolas ar bhealach cóir cothrom maidir le buntáistí agus míbhuntáistí an ruda atá molta.

(a) Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh do rang a dhéanamh mar Choimisiún Reifrinn chun a chinntiú go ndéanann gach vótálaí cinneadh eolasach. (6 mharc)

(b) Caithfidh do rang argóintí a ullmhú le cur faoi bhráid na vótálaithe. Scríobh síos sonraí **DHÁ** argóint i bhfabhar an mholta seo agus **DHÁ** argóint ina choinne. (8 marc)

(c) Dear póstaer le daoine a **SPREAGADH** le vóta a chaitheamh ar an lá. Déan cinnte de go gcuireann do phóstaer in iúl do dhaoine a thábhachtaí is atá sé go gcuirfidís a dtuairim in iúl.

(Tá leathanach bán don phóstaer le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.) (6 mharc)

## 4. Bóthar

Gníomhaireacht cúnaimh forbartha in Éirinn é Bóthar a sholáthraíonn ainmhí feirme mar bhó, gabhar nó sicíní do theaghlaigh bhochta san Afraic, chomh maith le hoiliúint chun cabhrú leo aire cheart a thabhairt don ainmhí sin.

Tá sé beartaithe ag do rang tionscadal gníomhaíochta a reáchtáil chun daoine a chur ar an eolas maidir le Bóthar agus chun airgead a thiomsú le hainmhí a cheannach do theaghlach bocht san Afraic.

(a) Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** ghníomhaíocht dhifriúla a d'fhéadfadh do rang a dhéanamh chun airgead a thiomsú le cabhrú chun ainmhí a sheoladh go tír i mbéal forbartha. (6 mharc)

(b) Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid seo mar thionscadal gníomhaíochta. Ainmnigh an tionscadal gníomhaíochta agus mínigh cúis **AMHÁIN** ar roghnaigh tú é. Déan cur síos ar an obair a bheadh le déanamh ag **TRÍ** choiste/ghrúpa a bheadh ag teastáil chun an tionscadal seo a chur i gcrích. (8 marc)

(c) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** dheacracht a bhaineann le tionscadal tiomsaithe airgid. Déan cur síos ar an rud a chaithfeá a dhéanamh chun daoine a spreagadh le hairgead a thabhairt do charthanas. (6 mharc)

**Cuir tic [ ✓ ] leis an gceist as Roinn 3 atá tú a fhreagairt, le do thoil.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Chun an cheist ar an gCUIREADH nó an cheist ar an bPÓSTAER [*C1* (*a*) *nó C3* (*c*)] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**